

# Nuachtlitir Scoil Chualann

Meabhrú: An app 'Textaparent' a íoslódáil má tá fón cliste agaibh. Cuideoidh sé linn costais téascanna a laghdú.

*Reminder to download the 'Textaparent' app. This will reduce our texting costs. Don't worry if you cannot avail of the app. We will know and will continue to text you.*

## Obair Bhaile

Táimid ar ais ag obair le hobair bhaile tar éis briseadh uaidh. Níl mórán obair i gceist ag an scoil. Is éard atá i gceist ná go bhfuil nasc rialta idir an obair scoile agus na príomh-múinteoirí - na tuismitheoirí. Tá sé mar phlean cleachtadh a dhéanamh ar scileanna ríomhaireachta go háirithe agus dul i dtaithe ar Google Classroom arís.

## Iníon Uí Chréan-Loinsigh

Seo cárta ó hIníon Uí Chréan-Loinsigh do phobal na dtuismitheoirí.



"A thuismitheoirí,

Míle buíochas don dearbhán flaithiúil a bronnadh orm agus mé ag éirí as mo phost i Scoil Chualann. Ba mhór an phribhléid dom a bheith ag obair ann ó cáilíodh mé i 1985. Aireoidh mé uaim bhur dtacaíocht, bhur gcairdeas agus go mór mhór bhur bpáistí.

Le gach dea-ghuí,

Sinéad Ní Chréan-Loinsigh"



## Is Eolaí Mé

Bhí clár speisialta, Is Eolaí Mé, ar TG4, le linn an mbriseadh. Chaith triúr páiste rang a 5 - Róisín, Elizabeth agus Glenn - lá in Airfield i mBaile Átha Cliath i rith an tsamhraidh ag obair leis na hainmhithe agus le plandaí thuas.

Chuir siad 'Licky' ar lao beag. N'fheadair, cén fáth? Tá sé go hálainn Gaeilge a chloisteáil agus breathnú ar dhaltaí Scoil Chualann á labhairt ar an teilifís. Maith sibh.

Tá sé fós ar an seinnteoir TG4. Bain spraoi as!



## Iníon Uí Chinnéide

Tá Iníon Uí Chinnéide imithe uainn tar éis breis is seacht mbliana ag obair i Scoil Chualann. Aireoidh muid uainn go mór í.

"Tá mé ag fágáil slán le tuismitheoirí agus páistí Scoil Chualann. Mo mhíle buíochas as an gcomhlúadar agus an tacaíocht a thug sibh dom thar na blianta. Bhain mé an-spraoi as a bheith ag cabhrú le bhur bpáistí. Go mbeidh laethanta sona sláintiúil amach romhaibh.

Le meas agus dea-ghuí,  
Eithne Ní Chinnéide"

## Naíonáin Bheaga

Bhí tóraíocht chruthanna sa chlós le déanaí. Chuaigh siad amach agus phléigh siad na cruthanna ar fad atá le feiceáil sa chlós. Bhí an-spórt acu ann.

## Paidreacha



### An Phaidir

Ár nAthair atá ar neamh,  
go naofar d'ainm,  
go dtaga do ríocht,  
go ndéantar do thoil ar an talamh  
mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,  
agus maith dúinn ár bhfiacha,  
mar a mhaithimidne d'ár bhféichiúna féin,  
agus ná lig sinn i gcathú,  
ach saor sinn ó olc.  
Áiméan.



### 'S é do Bheatha, a Mhuire

'S é do bheatha, a Mhuire, Atá lán  
de ghrásta,  
Tá an Tiarna leat.  
Is beannaithe thú idir mhná,  
Agus is beannaithe toradh do  
bhroinne, Íosa.  
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,  
Guigh orainn, na peacaigh,  
Anois agus ar uair ár mbáis.  
Áiméan.



## Frásaí do tuismitheoirí le húsáid sa bhaile - roghnaithe ag páistí Rang a 5

Más buan mo  
chuimhne - If I  
remember correctly

Tá smaoineamh  
agam - I have an  
idea

Feicfidh mé thú ar  
ball - I will see you  
soon

An bhfuil tú ag  
tnúth leis an  
gcluiche/ le do  
bhreithlá? - Are  
you looking forward  
to the match/ to  
your birthday?